


# Tacú le hathrú curaclam bunscoile ar fud an chórais

Nollaig 2022

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



# An Clár Ábhar


## 01

**Réamhrá**

## 04

**Coinníollacha Fabhracha**

**Comhfhís** 04

Tráthúlacht Agus Luas 06

Cumarsáid 06

Ailíniú Beartas agus Comhleanúnachas 07

Acmhainní a Dhaingniú 08

**Gníomhaireacht Múinteoirí agus Páistí** 08

DCeannaireacht Dáilte 09

**Comhfhoghlaim** 10

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara 10

Foghlaim Ghairmiúil Fheabhsaithe 10

## 13

**Focal Scoir**

## 15

**Tagairtí**

# Réamhrá

Tá athbhreithniú agus athfhorbairt á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar *Chreatchuraclam na Bunscoile* a chuireann an bhunchloch faoi Churaclam na Bunscoile. Bhí comhairliúchán poiblí fada i gceist leis an obair seo ina bhfuarthas aiseolas suntasach a dhírigh ar an gcreat agus ar an gcuraclam athfhorbartha. Ina gcuid freagraí, tharraing rannpháirtithe an chomhairliúcháin aird freisin ar na coinníollacha a mheas siad a bheith tábhachtach agus iad ag ullmhú do thabhairt isteach agus achtú an churaclaim. Ina theannta sin, ag tógáil ar shraith seimineár curaclaim in 2018 agus 2019 agus ar rannpháirtíocht leanúnach le taighde, tá an CNCM ag leanúint ar aghaidh ag comhoibriú agus ag dul i gcomhairle le scoileanna agus le páirtithe leasmhara oideachais i gcoitinne maidir le *conas* agus *céard* a d'fhéadfadh siad, mar ghrúpa comhchoiteann agus ina n-aonar, a dhéanamh chun tacú leis na coinníollacha a chabhródh le linn thabhairt isteach agus achtú an churaclaim athfhorbartha. Baineann an cháipéis seo leas as taighde agus foilseacháin, seimineáir chomhairleacha churaclaim, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, an tsraith seimineár *Leading Out* rannpháirtíocht le Fóram Scoileanna, imeachtaí BEACONS agus rannpháirtíocht leis an CNCM Painéal Comhairleach (Bunscoil)[1] (féach Fíor 1), agus déanann sé achoimre ar na príomhbhreithnithe a tháinig chun cinn.

Tá sé mar aidhm ag an gcáipéis tacú le cinnteoireacht agus gníomh comhoibríoch agus comhchoiteann de réir mar a oibríonn gach páirtí leasmhar in earnáil na bunscoile le chéile chun tacú le hathrú curaclaim agus é a threorú.

**Fíor 1: Próiseas forbartha a chuireann cruth ar shainaithint na gcoinníollacha a chuidíonn le hathrú ar fud an chórais**




Tugann tabhairt isteach Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile (Rialtas na hÉireann) do na naíonáin shóisearacha go rang a sé in 2019 deis uathúil an méid a foghlaimíodh le déanaí faoi athrú curaclaim a tharraingt le chéile mar aon le foghlaim ó thabhairt isteach Churaclam na Bunscoile/*Primary School Education* 1999 (ROS). Is féidir leis an eispéireas seo comharthaí cabhracha a sholáthar do mhúnlaí féideartha amach anseo chun tacú le hathrú curaclaim ar féidir leis na torthaí dearfacha is fearr a bhaint amach don chóras oideachais ar fad.

[1] Tá ceithre chomhalta ar an bPainéal Comhairleach (Bunscoil): An tOll. Louise Hayward, Ollscoil Ghlaschú; an tOll. James Spillane, Ollscoil Northwestern, Chicago; an Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad, an tOll. Dominic Wyse, Coláiste na hOllscoile, Londain.



> **Is furasta athrú san oideachas a mholadh, deacair a chur i bhfeidhm, agus thar a bheith deacair a chothú. (Change in education is easy to propose, hard to implement, and extraordinarily difficult to sustain.)**
>
> **(Hargreaves agus Fink, 2006, lch. 1)**

Ní fhorbróidh na tosca a theastaíonn chun tacú leis an athrú curaclaim ar an scála a leagtar amach sa dréachtchreat astu féin, i bhformhór na scoileanna ar aon nós. Léiríonn taighde ‘lochtanna eolacha’ go seasta[2] le linn iarrachtaí athchóirithe ar mhórscála, agus tá go leor ag moladh fealsúnacht cur chun feidhme a dhéanann dícheall oiriúnú, achtú agus spreagadh frithpháirteach, le spás ann don éagsúlacht, solúbthacht agus roghanna, rud a spreagann úinéireacht áitiúil atá sainiúil ar chomhthéacs (Nieveen, Sluijsmans agus Van den Akker, 2014). Agus é seo san áireamh, sainaithnítear sa cháipéis cad a mheasann an córas bunscoile, mar chóras comhchoiteann, atá sna réimsí is tábhachtaí le haghaidh gnímh sa tréimhse amach romhainn. Agus é seo á dhéanamh, tá na smaointe a chuirtear i láthair bunaithe ar choincheap gach duine ag foghlaim agus ag obair le chéile de réir mar a théann forbairt curaclaim chun cinn agus mar a chuirimid ina achtú.

Cé nach bhfuil sé uathúil d’Éirinn amháin, tá nádúr comhoibríoch fhorbairt agus achtú curaclaim ina shainchomhartha ar fhorbairtí san oideachas anseo. Tacaíonn dlúthnaisc idir an Roinn agus gníomhaireachtaí faoina coimirce le comhoibriú den sórt sin agus tá acmhainneacht mhór acu le haghaidh ailíniú agus comhpháirtíochtaí, a éiríonn thar a bheith tábhachtach le linn tréimhsí athraithe ar fud an chórais. Tá sé mar aidhm ag an tráchtaireacht a ghabhann le gach coinníoll a bhfuil cur síos air sa doiciméad seo smaointeoireacht a spreagadh, plé a spreagadh, agus bealaí chun cinn a aithint chun tacú le cothú na gcoinníollacha a chuidíonn le hachtú curaclaim rathúil.

---

[2] Ina measc tá: cur i bhfeidhm siombalach; naisc laga idir na leibhéil chórais éagsúla (náisiúnta, áitiúil, scoil agus sa seomra ranga); easpa foghlama/forbairt ghairmiúil sásúil; an iomarca béime ar chuntasacht trí rialáil aschuir; easpa forbartha acmhainne ar fud na bpáirtithe leasmhara; comhar easnamhach; agus droch-ailíniú an mheasúnaithe leis an gcuraclam. [liosta ilchodach curtha le chéile ó: Fullan, 2008, 2016; Van den Akker, 2018; Sinnema, Nieveen agus Priestley, 2020]

Trí choinníoll uileghabhálacha: Tá an-tábhacht tagtha ar **(1) Comhfhís**, **(2) Gníomhaireacht Múinteoirí agus Páiste**, agus **(3) Comhfhoghlaim** (féach Fíor 2) agus úsáidtear iad chun na coinníollacha scoite, ach fabhracha idirghaolmhara, a chatagóiriú agus a fhrámú chun tacú le hathrú curaclaim:

### Comhfhís

- Tráthúlacht agus luas
- Cumarsáid
- Acmhainní a dhaingniú
- Ailíniú agus comhleanúnachas


### Gníomhaireacht Múinteoirí agus Páistí

- Ceannaireacht dáilte

### Comhfhoghlaim

- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara
- Foghlaim Ghairmiúil Feabhsaithe.

**Fíor 2:** Achoimre ar choinníollacha fabhracha



# Coinníollacha fabhracha

## Comhfhís

> **Tá sé mar aidhm leis an gcuraclam bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste chun go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí i gcaitheamh a n-óige, de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunoideachas agus an t-oideachas speisialta, agus tríd an iar-bhunoideachas. Agus iad ag tógáil ar an taithí a bhí acu roimhe seo, féachtar ar pháistí mar dhaoine uathúla, cumasacha agus cásmhara, agus ar mhúinteoirí mar ghairmithe tiomanta, sciliúla agus gníomhaíocha. Tacaíonn sé le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán atá cuimsitheach agus fianaisebhunaithe agus aithníonn sé ceart gach páiste dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá gcuid foghlama agus forbartha..**

(Fís i g*Creatchuraclam na Bunscoile*, lch. 6)

**Tá comhfhís atá tuigthe go soiléir do churaclam na bunscoile ríthábhachtach chun an próiseas athraithe curaclaim a threorú.** Caithfidh creideamh na ndaoine san fhís agus sna prionsabail a fhorbairt (féach Fíor 3) de Chreatchuraclam na Bunscoile (*Primary Curriculum Framework*) a chothú ar feadh aistear na hathfhorbartha agus le linn achtú an churaclaim. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcás creata curaclaim a mholann glacadh agus comhthéacsú áitiúil.



**Fíor 3: Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe (*Creatchuraclam na Bunscoile*, lch. 7)**

# PRIONSABAIL NA FOGHLAMA, AN TEAGAISC, AGUS AN MHEASÚNAITHE

### COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Saibhríonn agus méadaíonn comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir scoileanna, teaghlaigh, agus pobail foghlaim na bpáistí trína saol ar scoil agus taobh amuigh di a aithint agus tacú leis.

### TIMPEALLACHTAÍ FOGHLAMA

Múnlaíonn agus cothaíonn an timpeallacht fhisiciúil foghlaim na bpáistí, taobh istigh agus taobh amuigh. Spreagann na timpeallachtaí ilghnéitheacha seo neamhspleáchas na bpáistí agus cothaíonn siad agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim trasna an churaclaim.

### OIDEACHAS IONCHUIMSITHEACH AGUS ÉAGSÚLACHT

Soláthraíonn oideachas ionchuimsitheach do chothromas deise agus rannpháirtíochta i bhfoghlaim na bpáistí. Ceiliúrann oideachas ionchuimsitheach an éagsúlacht agus freagraíonn sé d'uathúlacht gach páiste.

### OIDEOLAÍOCHT

Baineann múinteoirí úsáid as cineálacha cur chuige agus straitéisí oideolaíochta atá cuí agus bunaithe ar fhianaise chun rannpháirtíocht, úinéireacht, agus dúshlán a chothú agus iad ag ceangal le heispéiris saoil na bpáistí agus leis na rudaí a bhfuil suim acu iontu.

### GNÍOMHÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

Bíonn páistí gníomhach agus léiríonn siad gníomhaireacht mar an cumas le gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh i dtaca lena bhfoghlaim agus ina bhfoghlaim. Tugann eispéiris churaclaim deiseanna dóibh chun cinntí a dhéanamh, a bheith cruthaitheach, agus comhoibriú a dhéanamh.

### CAIDRIMH

Tacaíonn caidrimh chomhbhácha taobh istigh de phobal na scoile le rannpháirtíocht, spreagadh, agus foghlaim na bpáistí agus bíonn tionchar dearfach acu orthu.

### AISTRITHE AGUS LEANÚNACHAS

Tógtar ar réamhfhoghlaim, ar fhéinluach, agus ar fhéiniúlacht na bpáistí agus iad ag bogadh ón mbaile go dtí an réamhscoil agus ar aghaidh go dtí na naíonáin shóisearacha, agus de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunscoil. Leagann sé sin bunchloch thábhachtach síos le haghaidh foghlama agus iad ag bogadh go dtí an iar-bhunscoil.

### MEASÚNÚ AGUS DUL CHUN CINN

Tá measúnú fiúntach comhoibríoch agus tá sé mar bhunchuid de theagasc agus d'fhoghlaim ardchaighdeáin. Bíonn páistí, múinteoirí, tuismitheoirí, agus daoine eile páirteach ann. Cuireann sé eolas ar fáil a fheabhsaíonn an teagasc agus cuireann sé eolas ar fáil faoin dul chun cinn i bhfoghlaim na bpáistí trasna an churaclaim agus tacaíonn sé leis an dul chun cinn céanna.



Tá tionchar agus éifeacht ar an gcoinníoll uileghabhálach 'Comhfhís' seo ag (1) Tráthúlacht agus luas, (2) Cumarsáid, (3) Ailíniú agus comhleanúnachas beartais, agus (4) Acmhainní a dhaingniú.

Is fiú machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an gcleachtas i ngach scoil in Éirinn neart na haimsire atá caite a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin óna dtiocfaidh fís nua do churaclam na bunscolaíochta. Is féidir le hardú feasachta i measc páirtithe leasmhara ar fhís agus ar phrionsabail an churaclaim athfhorbartha tacú le tuiscint chomhleanúnach ar fud an chórais ar mhian agus ar fhealsúnacht neartaithe an churaclaim. Trí chothú comhthuiscint ar an bhfís ar fud an chórais, soláthraítear bonn ar féidir tacú leis na naoi gcoinníoll atá fágtha.

## Tráthúlacht agus luas

**Le hachtú curaclaim rathúil, éileofar neart ama agus spáis ó na páirtithe leasmhara uilig chun pleanáil agus oibriú le chéile i gcomhar fhís an churaclaim, trí chultúr comhoibrithe gairmiúla agus comhthógáil smaointe.** Tá am ag teastáil chun go n-oibreodh seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus gníomhaireachtaí le chéile ar impleachtaí an athraithe curaclaim agus ar na hoiriúnuithe a chaithfidh siad a thabhairt isteach. Beidh roinnt ama ag teastáil le go mbeadh múinteoirí in ann machnamh a dhéanamh ar a dtaithí agus a saineolas agus iad a roinnt lena chéile ionas gur féidir glacadh leis na forbairtí seo go criticiúil, iad a leabú sa smaointeoireacht agus iad a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

Tá tráthúlacht agus luas tábhachtach i gcomhthéacs na n-athruithe curaclaim atá ar siúl, mar shampla leabú leanúnach *Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile* (Rialtas na hÉireann, 2019) agus tabhairt isteach agus achtú luath Churaclam Matamaitice na Bunscoile ó 2023 ar aghaidh. Agus aird á tabhairt ar an ngá atá le hoiriúnú áitiúil ar an gcuraclam ar fud éagsúlacht an chineáil scoile agus an chomhthéacs scoile, soláthrófar comhartha tacúil láidir don chóras agus go háirithe dóibh siúd a ghníomhaíonn an curaclam ag an leibhéal áitiúil, trí mhachnamh a dhéanamh ar amlíne atá comhtháite agus réalaíoch do luas an athraithe a fhorbairt.

## Cumarsáid

**Éileoidh achtú curaclaim rathúil go mbeidh an deis ag gach páirtí leasmhar cur amach a fháil ar Chreatchuraclam na Bunscoile (*Primary Curriculum Framework*).** Féadfaidh sé seo tosú le fís agus prionsabail bhunúsacha an chreata. Le linn an chomhairliúcháin ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile (NCCA, 2020)* luaigh rannpháirtithe i gcónaí rathúlacht na straitéise cumarsáide a thacaíonn le scaipeadh *Preparation for Teaching and Learning – Guidance for all Primary and Special Schools* (Rialtas na hÉireann, 2021). Go háirithe, rinneadh tagairt don chur chuige ilmhódach agus don idirghabháil incriminteach ar na príomhtheachtaireachtaí ó fhoilsiú na treorach go dtí a úsáid i scoileanna agus seomraí ranga. D'fhorbair an Roinn Oideachais (RO), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) an straitéis seo i gcomhar a chéile.

Tá bunsraith na hoibre cumarsáide faoi lánseol i bhfoirm Ghrúpa Oibre Cumarsáide Idirghníomhaireachta (Bunscoil) na Roinne Oideachais a bhfuil sé mar chúram air a chinntiú go

ndéantar cumarsáid chomhsheasmhach, thráthúil agus chomhordaithe a bhaineann leis an gcuraclam a roinnt i bhformáidí éagsúla thar ardáin mheán sóisialta traidisiúnta.[3] D'fhéadfadh an grúpa seo straitéis ilmhódach a úsáid cosúil leis an straitéis a úsáideadh chun *Preparation for Teaching and Learning – Guidance* a chur in iúl (Rialtas na hÉireann, 2021). Agus a leithéid de straitéis á breithniú, leanfadh an deis agus an acmhainn éisteacht agus foghlaim ó scoileanna, idirphlé poiblí agus eispéiris níos leithne an chórais le linn rannpháirtíocht curaclaim, ag tabhairt freagrúlachta don chumarsáid a forbraíodh. Teastóidh aird ghéar freisin ar fhad, ar mhinicíocht, ar idirghníomhaíocht, ar chómhalartacht agus ar dhoimhneacht na cumarsáide le linn thabhairt isteach agus achtú an churaclaim athfhorbartha.

Cuirfidh imeacht seolta do *Chreatchuraclam na Bunscoile* comhartha láidir ar fáil don chóras go bhfuil athfhorbairt an churaclaim ag dul chun cinn le scoileanna, lena n-áirítear páistí, a bhfuil baint lárnach acu lena fhorbairt, agus go bhfuil sé formhuinithe go hiomlán ag na comhpháirtithe san oideachas, ag an Roinn Oideachais, agus ag an Aire. Féadfaidh imeacht seolta deis a thabhairt freisin chun príomhtheachtaireachtaí an athraithe curaclaim a chur in iúl do phobal náisiúnta, go háirithe do thuismitheoirí, agus chun na chéad chéimeanna eile san aistear a leagan amach.

## Ailíniú beartas agus comhleanúnachas

**Déantar achtú curaclaim rathúil a chumasú trí phróisis ailínithe agus comhleanúnachais beartas.** Beidh ailíniú polasaí curaclaim le beartas oideachais níos leithne a théann i bhfeidhm go díreach ar chleachtais na scoileanna agus go deimhin na seomraí ranga ina phríomh-chumasóir chun oibriú i dtreo fhís an churaclaim. Is próiseas síorathraitheach agus idirghníomhach é comhleanúnachas beartais a bhaint amach, ag díriú ar an gcomhéadan idir curaclam agus beartas níos leithne. Tá sé riachtanach 'córas inniúil' a bheith ann ina mbíonn gach duine ag feidhmiú, ag obair agus ag foghlaim le chéile. Mar sin de, is próiseas leanúnach é an comhleanúnachas a bhaint amach agus chomh maith le hidirbheartaíocht gach gníomhaí chun fís nua don churaclam a léiriú agus a chur i bhfeidhm.

Tá earnáil an bhunoideachais ullmhaithe chun tacú le hailíniú agus comhleanúnachas idir an curaclam agus an beartas níos leithne. Is samplaí iad na struchtúir chomhordaithe atá i bhfeidhm faoi láthair amhail Fóram Bunoideachais na Roinne Oideachais agus Coiste Stiúrtha Churaclam na Bunscoile, d'fhóraim a thacaíonn agus a chumasaíonn ailíniú agus comhleanúnachas beartais. D'fhéadfadh obair leanúnach laistigh de agus thar na fóraim seo tacú le feasacht agus oscailteacht níos fearr maidir le hathrú curaclaim a chur laistigh den bheartas oideachais níos leithne, agus le coigeartuithe a dhéanamh ar an dá rud, ionas go mbainfidh polasaí níos leithne agus an curaclam comhleanúnachas agus ailíniú amach ar fud an bhunoideachais. Cuireann athfhorbairt curaclaim deiseanna tábhachtacha ar fáil freisin chun breathnú ar ailíniú agus ar chomhleanúnachas níos leithne, lena n-áirítear ón leanbaíocht go dtí an bhunscoil, agus ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.

[3] Tá an grúpa seo faoi choimirce an Aonaid um Beartas Curaclaim agus Measúnachta (CAP). Áirítear leis ionadaithe ón NCSE, ón NCCA, ón PDST, ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna agus ón Aonad CAP.

Ag síneadh amach ó na fóraim seo, tá poitéinseal ann ról a bheith ag an tsraith seimineár *Leading Out* de chuid an CNCM freisin chun ról a imirt i scaipeadh teachtaireachtaí agus gníomhartha chuig pobal na bpáirtithe leasmhara níos leithne,[4] ag tacú le próisis leanúnacha idirbheartaíochta agus foghlama i measc páirtithe leasmhara chun comhleanúnachas beartais agus curaclaim a chothú.

## Acmhainní a dhaingniú

**Beidh infheistíocht ag teastáil chun curaclam a achtú go rathúil.** Le linn an chomhairliúcháin ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (NCCA, 2020), rinne páirtithe leasmhara tagairt don ghá atá le hacmhainní chun tabhairt isteach agus achtú an churaclaim a dhéanamh soláimhsithe do scoileanna. Tá na hathruithe curaclaim atá le teacht suntasach agus tá gá le hacmhainní chun cabhrú le múinteoirí agus le ceannairí scoile fís an churaclaim athfhorbartha a thabhairt chun críche do pháistí. Tá maoiniú pleanáilte ilbhliantúil d'fhorbairtí sa tsraith shóisearach curtha i bhfeidhm le blianta beaga anuas, rud a d'éascaigh soláthar d'fhoghlaim ghairmiúil, oideachas tosaigh múinteoirí, agus méadú ar am neamhtheagmhála do mhúinteoirí. Beidh cur chuige comhchosúil ag an mbunscoil ina bhreithniú tábhachtach don athrú a bheidh i gceist.

Breathnaítear go bhfuil dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas ar an gcóimheas scoláirí is múinteoirí, atá 24:1 faoi láthair, le blianta beaga anuas maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú páisteláraithe a chumasú i g*Creatchuraclam na Bunscoile*. Is é 21:1 an meánchóimheas reatha idir mhúinteoirí is scoláirí ar fud an OECD (Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, 2022). Luaigh go leor freisin an gá atá le spás an tseomra ranga féin, na háiseanna don fhoghlaim lasmuigh, spásanna oiriúnacha do pháistí le riachtanais bhreise inár scoileanna, agus acmhainní cuí a chur san áireamh chun Nuatheanga Iasachta a thabhairt isteach i mbunscoileanna.[5]

# Gníomhaireacht Múinteoirí agus Páistí

**Ceanglóidh achtú curaclaim rathúil ar dhaoine sa chóras oideachais gníomhaireacht a bheith acu ina gcuid oibre curaclaim.** Cé gur téarma nua é 'gníomhaireacht' do roinnt daoine, tá na prionsabail a thacaíonn le gníomhaireacht lárnach i gcleachtas gairmiúil formhór na múinteoirí. Cumas daoine cinntí a dhéanamh agus gníomhú atá sa ghníomhaireacht. Baineann an cumas seo gníomhú lenár n-eolas, lenár muinín agus leis an bhféidearthacht gníomhaireachta a thugann na beartais don churaclam, don oideolaíocht agus don mheasúnú. Rogha agus solúbthacht atá i gceist le gníomhaireacht: tá sé ríthábhachtach go mbeadh múinteoirí agus páistí in ann roghanna a dhéanamh mar chuid dá n-eispéireas oideachais le chéile.

I saolta na bpáistí, beidh gá le ciall ghníomhaireachta a bheith acu lasmuigh dá scolaíocht. Beidh go leor dúshlán rompu lena n-áirítear athrú aeráide agus cóir shóisialta. Ba cheart go gcuirfeadh ciall ghníomhaireachta ar chumas páistí agus daoine fásta gníomhú go deimhneach, agus aird chuí á tabhairt ar chearta daoine eile.

---

[4] Tá liosta iomlán na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sa tsraith seimineár *Leading Out* ar fáil anseo: https://ncca.ie/media/4834/stakeholder-engagement-leading-out-list-2020.pdf

[5] Féach Mír 10 den *Background Paper: Nuatheangacha Iasachta a chomhtháthú i gcuraclam bunscoile athfhorbartha/ Integrating modern foreign languages in a redeveloped primary curriculum*: background-paper-integrating-modern-foreign-languages-in-a-redeveloped-primary-curriculum.pdf (ncca.ie)

Tá sé mar chuid den ‘aistear’ do pháirtithe leasmhara iomadúla a bhfuil peirspictíochtaí éagsúla acu abhaineann le hathrú curaclaim an ghníomhaireacht a thuiscint. Ní mór a chur in iúl do gach duine sa chóras oideachais, go háirithe páistí, múinteoirí agus ceannairí scoile, go bhfuil gníomhaireacht acu, agus go mothaíonn siad go bhfuil siad de chumhacht acu a ngníomhaireacht a fheidhmiú. Is féidir leis seo a thacú nó bac a chur leis an gcultúr, na noirm, cleachtais bhunaithe, creidimh, caidrimh agus idirghníomhaíochtaí atá ann i réim daoine laistigh agus thar chórais, eagraíocht, aonad laistigh d’eagraíocht, scoil, seomra ranga, srl. Chun tacú le timpeallacht fhabhrach do pháirtithe leasmhara gníomhú, beidh machnamh ag teastáil ó ghníomhaireacht ar chleachtais agus ar oiriúnú ó gach duine ar fud an chórais.

Is ar fhealsúnacht fhorfheidhmithe Nieveen, Sluijsmans & Van den Akker (2014) go díreach atá an coinníoll seo, dá dtagraítear air i rannán tosaigh na cáipéise seo. D’fhéadfadh an cur chuige seo tacaíocht a fháil ó fhorbairt ar chur chuige straitéiseach fadtéarmach ar phleanáil a thabharfaidh níos mó solúbthachta do scoileanna oibriú leis an gcuraclam, agus struchtúir chórais éifeachtacha a chinntiú freisin mar aon le próisis atá ar fáil chun tacú le solúbthacht áitiúil feabhsaithe.

## Ceannaireacht dáilte

**Le hachtú curaclaim rathúil beidh tuiscint ar cheannaireacht oideachais ag teastáil mar chleachtas dáilte atá fréamhaithe san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú.** Agus ag tabhairt aitheantais do ról tábhachtach na gceannairí scoile (na príomhoidí agus na leas-phríomhoidí) agus do na dúshláin laethúla a bhíonn os a gcomhair, bíonn gá, agus an deis ann, leas a bhaint as an gcumas meánbhainisteoirí (na leas-phríomhoidí), ceannairí múinteoirí, agus daoine eile le bheith páirteach i gcleachtas chun foghlaim, teagasc agus measúnú a chur chun cinn. D’fhéadfadh ceannaireacht dáilte cur le gníomhaireacht múinteoirí agus páistí.

Chun forbairt ghairmiúil leanúnach ar chláir a cheapadh (lena n-áirítear Oideachas Tosaigh Múinteoirí) do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, d’fhéadfadh sé gur fiú ionchuimsiú ar fhócas ar an bhfoghlaim, cuir chuige agus straitéisí múinteoireachta agus measúnaithe a chothaíonn na coincheapa de ghníomhaireacht múinteoirí agus páistí. D’fhéadfadh sé go gcuimseodh torthaí foghlama na gclár gairm na múinteoireachta a chumasú chun foinsí éagsúla na ceannaireachta dáilte a aithint, luach a chur orthu agus dul i ngleic leo ionas gur féidir leo timpeallachtaí comhoibríocha a thógáil chun tacú le comhchur le chéile curaclaim. Ag glacadh le deiseanna a thapú chun tógáil ar ionduchtú múinteoirí/ceannaire scoile, meantóireacht, oiliúint, piarfhoghlaim, agus bailiú scoile trí



*Droichead – the Integrated Professional Learning Framework /an Creat Foghlama Gairmiúla Comhtháite* (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017), is fiú breathnú ar na Seirbhísí Tacaíochta agus ar an Ionad um Cheannaireacht Scoile.

# Comhfhoghlaim

**Chun achtú curaclaim rathúil a bheith ann is féidir tacú leis trí dheiseanna leanúnacha do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile chun ciall a bhaint as athruithe curaclaim.** Cothaíonn eispéiris foghlama chomhchoiteanna foghlaim ghairmiúil i ngairm na múinteoireachta, agus ar ndóigh i bpáirtithe leasmhara eile. Baineann soláthar deiseanna foghlama ar bhonn aonair agus i ngrúpa le freastal ar riachtanais scoileanna mar phobail foghlamtha agus ar mhúinteoirí mar ghairmithe gníomhaithe. Thar gach ceann de na snáithe den chomhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020), ba dhearcadh láidir a tháinig chun cinn go leanúnach an soláthar ama agus spáis do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile chun idirbheartaíocht a dhéanamh idir an curaclam agus a gcleachtais reatha. Chomh maith le múinteoirí a bheith ag foghlaim agus ag baint tairbhe as an am a chaitheann siad sa seomra ranga, d'fhéadfadh deiseanna a bheith ann do mhúinteoirí leis an am a úsáid go feiliúnach bualadh le chéile le haghaidh foghlaim ghairmiúil agus machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí dá gcleachtas gairmiúil.

Agus ag cur le taithí áitiúla na líonraí scoileanna go háitiúil, agus pobail foghlama ghairmiúla a éascú, cuirtear deiseanna ar fáil do scoileanna agus do dhaoine aonair nascadh, foghlaim óna chéile, agus cur le líonra (le saineolas seachtrach ó na seirbhísí tacaíochta) chun cur le cultúr roinnte agus foghlama ó chleachtas ar fud an chórais. Cuimsíonn an coinníoll fabhrach uileghabhálach seo (1) Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus (2) Foghlaim ghairmiúil fheabhsaithe freisin.

## Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

**Beidh gá le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chur i gcroílár achtú curaclaim rathúil.** Cuireann an rannpháirtíocht fhónta le páirtithe leasmhara béim ar fhorbairtí rathúla san oideachas. Tá teist láidir ag Éirinn maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara san oideachas agus tá sí suite go maith chun glacadh le hiarracht chomhordaithe chun tacú le hathrú curaclaim ar mhórscála ag leibhéal na bunscoile. Ag tógáil ar an teist seo, bheadh sé tairbheach an mhuinín fhrithpháirteach atá ann idir páirtithe leasmhara ar gach leibhéal den chóras oideachais a chomhdhlúthú tuilleadh trí chumarsáid oscailte leanúnach, trí idirphlé agus trí ghníomhaíocht idirbheartaithe. Tá go leor iarrachtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara ar fud an chórais ar féidir cur leo, mar shampla, sraith seimineár Leading Out de chuid an CNCM, tionscadal IPPN ar Cheannaireacht Inbhuanaithe, agus obair na Comhairle Múinteoireachta le ECFE ar BEACONS agus rannpháirtíocht saoránaigh ar cheapadh beartais agus achtú; mar aon le Tionól Saoránach maidir le hOideachas a bheidh ar siúl go luath. Agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara á cur chun cinn agus á héascú níos mó, ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh ar an gcaoi le grúpaí tearcionadaithe ón tsochaí i gcoitinne a chuimsiú.

## Foghlaim Ghairmiúil Fheabhsaithe

**Chun achtú curaclaim rathúil a bheith ann is féidir tacú leis trí fhoghlaim ghairmiúil leanúnach, sholúbtha agus fós ar marthain ar fud an chórais, lena n-áirítear rannpháirtíocht le taighde, cleachtais nua, agus níos tábhachtaí fós, an coincheap de ghairmithe mar fhoghlaimeoirí a thuiscint.** Cuimsítear an fhorbairt ghairmiúil san fhoghlaim ghairmiúil ach tá sí leathnaitheach. Tá cumas ag cultúr foghlama gairmiúil atá ag tarlú céim ar chéim díriú ní hamháin ar chomhpháirteanna *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus ar iarrachtaí mhúinteoirí agus cheannairí scoile a gcuraclam a achtú ach freisin plé a dhéanamh agus cur lena n-eolas agus lena gcleachtas roimhe sin. Is éard atá lárnach anseo ná nascadh le gnéithe gairmiúla agus pearsanta foghlama, freastal ar ghnéithe mothúchánacha/ mothaitheacha d'athrú curaclaim (m.sh. eagla, imní) agus tosú leis an luach a bhíonn ag múinteoirí ina gcleachtas, agus cur lena láidreachtaí (cur chuige on mbonn aníos).

Tá athrú suntasach tagtha ar chontanam oiliúint múinteoirí le deich mbliana anuas trí na cúrsaí fochéime agus iarchéime araon a shíneadh, achtú Chéim: *standards for initial teacher education* (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2020) agus Cosán: *framework for teachers' learning* (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2016).

Tá tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil i bhfeidhm chun tacú le bunscoileanna agus scoileanna speisialta le hachtú *Churaclam Teanga Na Bunscoile* (Rialtas na hÉireann, 2019). Chuir an infheistíocht seo i bhforbairt ghairmiúil ar chumas scoileanna dul chun cinn suntasach a dhéanamh chun Curaclam Teanga na Bunscoile a achtú agus tosú le cur amach a bheith acu ar thorthaí foghlama. Tá dearadh agus soláthar na foghlama gairmiúla seo tacaithe ag prionsabail chreat Cosán:

- ina n-aithnítear múinteoirí mar ghairmithe foghlama uathrialacha agus freagracha
- atá solúbtha
- a n-éascaíonn do mhúinteoirí deiseanna foghlama ábhartha a aithint agus a dhéanamh
- ina n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le rochtain a bheith ag múinteoirí ar dheiseanna foghlama saibhre agus ilchineálacha
- tugann sé deis a bhfuiltear ag súil leis le fada do mhúinteoirí agus do pháirtithe leasmhara aitheantas foirmiúil a thabhairt d'fhoghlaim múinteoirí agus í a aithint
- éascaíonn múinteoirí maidir lena gcuid foghlama a mheas, agus maidir le tosaíocht a thabhairt d'fhoghlaim a théann chun tairbhe dóibh féin agus don scoláire. (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2016, lch. 7 – 10)

Déanfaidh an leabú leanúnach de chreat Cosán i ndeiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí freastal go maith ar Churaclam na Bunscoile athfhorbartha a achtú sna blianta atá le teacht.

Tá athrú breise ceangailte le nádúr athraitheach an churaclaim i scoileanna agus tábhacht na múinteoirí réamhscoile/luath-gairme a bheith muiníneach obair leis an gcuraclam. Leis sin is gá go mbeadh na múinteoirí faoi oiliúint ag fáil tuiscint iomlán ar *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus a ról mar dhéantóirí curaclaim le linn a n-oideachas tosaigh múinteoirí (ITE). Is é an teachtaireacht lárnach in oideachas tosaigh múinteoirí atá mar am tábhachtach in aistear foghlama an mhúinteora atá roinnte ag páirtithe leasmhara thar na fóraim dhifriúla, lena n-áirítear seimineáir *Leading Out*, Fóram Scoileanna agus comhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020).

Tá páirtithe leasmhara den tuairim mheasta go dtugann oideachas tosaigh múinteoirí an deis aird a tharraingt agus tuiscint a dhoimhniú i measc múinteoirí faoi oiliúint faoin gcuraclam agus faoi mhúinteoirí mar ghairmithe gníomhaíocha. Tá oideachasóirí múinteoirí a bhfuil baint acu le ITE do mhúinteoirí bunscoile ar an eolas faoi na hathruithe curaclaim atá ar siúl. Cinnteoidh a bhfeasacht ar athruithe sa churaclam go gcuirfear deiseanna ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint tuiscint agus eolas a fháil ar *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus á gcumhachtú freisin le haghaidh foghlaim agus teagasc ina ngairmithe amach anseo.

Níos tábhachtaí fós, tá páirtithe leasmhara den bharúil go bhfuil an t-am idir an foilseachán de *Chreatchuraclam na Bunscoile* sula mbíonn an curaclam athfhorbartha ar fáil, ag tabhairt an deis díriú ar an bhfís agus na prionsabail tacaíochta den churaclam a bheidh lárnach chun é a achtú go rathúil. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh sé nach gá do scoileanna fanacht go dtí go mbeidh an curaclam athfhorbartha ar fad ar fáil chun an fhís agus na prionsabail a chur i bhfeidhm, agus d'fhéadfadh gnéithe eile a bheith i gceist, a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu sa chreat.



# Focal scoir

Le foilsiú *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus sonraíochtaí a bhaineann leis an todhchaí tá ré nua in athchóiriú churaclam na hÉireann taispeánta. Le réamhrá agus achtú Churaclam na Bunscoile athfhorbartha, is cinnte go mbeidh próiseas fuinniúil ag teastáil, lena mbeidh réimse páirtithe leasmhara ag obair le chéile thar leibhéil iomadúla an chórais oideachais. Beidh ról lárnach ag gach páirtí leasmhar i dtaca leis an gcuraclam a fhorbairt. Chun a bheith rathúil ina n-iarrachtaí, áfach, beidh orthu siúd atá i gceannas ar an iarracht athchóirithe tuiscint chaolchúiseach a bheith acu ar na coinníollacha, mar atá sainithe sa cháipéis seo, a bheidh ag teastáil ó gach comhghrúpa (múinteoirí, ceannairí scoile, seirbhísí tacaíochta, lucht déanta beartas, cigirí, oideoirí múinteoireachta agus an córas oideachais níos leithne) le linn an ama seo um athrú curaclaim.

Tá na coinníollacha aitheanta leagtha amach sa cháipéis seo lárnach san aidhm uileláithreach chun athrú sa churaclam a thabhairt isteach ar bhealach bríoch agus leanúnach a thacaíonn le taithí ar ardchaighdeán do gach páirtí leasmhar oideachais, ach go háirithe do pháistí, a dtuismitheoirí, a múinteoirí agus a gceannairí scoile. Tá sé tábhachtach go mbreathnaítear air seo mar thuras fadtéarmach seachas mar ghníomhaíochtaí ag pointe áirithe ama. Teastaíonn 'ceannach isteach' agus tiomantas marthanach ó na páirtithe leasmhara uilig. Chun leas a bhaint as tacaíocht ar na hathruithe is gá cumarsáid láidir agus éifeachtach a dhéanamh a tharraingíonn aird ar an mbealach a dtéann gach obair agus gníomhaíocht lena mbaineann i bhfeidhm ar an bpróiseas athfhorbartha sa churaclam. Ní mór gach páirtí leasmhar, go háirithe tuismitheoirí agus an tsochaí i gcoitinne, a choinneáil ar an eolas maidir le hathruithe ar an gcuraclam. Ní féidir leis seo a bheith mar fhreagracht ar scoileanna amháin.

Tá an cumas ag infreastruchtúr tacaíochta náisiúnta agus réigiúnach tacú le próiseas achtaithe atá éifeachtach agus inbhuanaithe. Mar chuid den infreastruchtúr seo, d'fhéadfadh Líonra Ionad Oideachais agus na seirbhísí tacaíochta a bheith san áireamh mar go mbíonn ról ríthábhachtach acu sa réimse seo trí shaineolas gairmiúil a sholáthar. Is gá go mbeadh múinteoirí agus ceannairí scoile, mar ghairmithe gníomhaíocha, muiníneach go bhfreagraíonn na tacaíochtaí a fhaigheann siad ar a gcomhthéacs. Is féidir le baic agus dúshláin fhéideartha teacht roimhe trí fhreagairt ar iarratais na múinteoirí agus na gceannairí scoile a chuireann ar a gcumas úinéireacht a ghlacadh ar an athrú curaclaim ina gcomhthéacs.

Is áiteanna dinimiciúla iad scoileanna agus éagsúlachta leo ó thaobh comhthéacs, suíomh, tomhas agus struchtúr. Ní gá go mbeadh an tionchar céanna ag cur chuige amháin do chách chun athrú sa churaclam a thabhairt isteach agus a achtú, agus eiseamláiriú níos dinimiciúil, freagrúil agus sofhreagrúil d'achtú. Tá gá ann na difríochtaí i gcomhthéacsanna scoile a thuiscint agus é seo a léiriú sa chur chuige achtaithe.

Tá comhairle an lae inniu faoi achtú chun tosaí maidir le luach ar chomhoibriú agus smaointe a chomhchur le chéile trí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Is cleachtas sóisialta é athrú a chur i gcrích agus tá sé ríthábhachtach do gach duine a bhfuil leas dílsithe acu go mbraitheann siad páirteach agus luachmhar sa phróiseas cinnteoireachta. Is gá go mbeadh go leor deiseanna

ann le leordhóthain ama agus spáis obair i dtreo na físe den churaclam athfhorbartha trí chultúr comhoibrithe agus comhchur le chéile gairmiúil ó na páirtithe leasmhara ar fad sa chóras.

Tá impleachtaí tábhachtacha ann d'institiúidí ardoideachais a bhfuil baint acu le soláthar oideachas tosaigh múinteoirí. Bíonn ról lárnach, go háirithe, acu chun an chéad ghlúin eile de mhúinteoirí a réiteach le hobair le curaclam atá difriúil go suntasach i leagan amach, struchtúr agus ábhar ó churaclam 1999. Bíonn an deis ann machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a léiríonn bonnstaidéar, staidéir ghairmiúil agus socrúchán scoile a dhéanann múinteoirí faoi oiliúint (1) ról athmhúnlaithe don mhúinteoir mar dhéantóir curaclaim, (2) comhpháirteanna Chreatchuraclam na Bunscoile, agus (3) cur chuige na dtorthaí foghlama a úsáidtear cheanna i gCuraclam Teanga na Bunscoile (Rialtas na hÉireann, 2019), agus i gCuraclam Matamaitice na Bunscoile.

Tríd is tríd, tá na coinníollacha ceaptha a bheith solúbtha, sofhreagraí agus feiliúnach go leor sa chaoi agus go mbeidh tábhacht leo agus gur féidir iad a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal den chóras oideachais - go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil. Tá sé mar aidhm acu tacú le hathrú curaclaim casta ar mhórscála. Tar éis gur foghlaimíodh ceachta ó na hiarrachtaí athruithe chun curaclam roimhe sin a thabhairt isteach tugtar le fios go gcuirfear go suntasach le deiseanna rathúla má bhíonn fís roinnte ann, ina dtuigeann gach páirtí leasmhar an ról lárnach atá acu sa phróiseas agus go bhfuil bonn faoin bpróiseas ag cumhacht féideartha ailíniú beartas agus comhleanúnachas. Mar chóras oideachais atá meáite ar Churaclam na Bunscoile athfhorbartha a thabhairt isteach a thabharfaidh torthaí feabhsaithe d'fhoghlaim páistí, is gá dúinn troid ar son an choincheapa uileghabhálaigh de ghníomhaireacht atá i gcroí na físe curaclaim.

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag súil go mór le hobair le páirtithe leasmhara, i spiorad an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta, agus na chéad chéimeanna tábhachtacha eile le glacadh.



# Tagairtí


An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) (1999). *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: The Stationery Office. Ar fáil ag: www.curriculumonline.ie/Primary

Fullan, M. (2008). *The Six Secrets of Change – What the Best Leaders do to help Their Organizations Survive and Thrive*. Nua-Eabhrac: Jossey-Bass/Wiley.

Fullan, M. (2016). *Indelible Leadership – Always Leave Them Learning*. CA: Corwin Press.

Rialtas na hÉireann (2019). *The Primary Language Curriculum – Curaclam Teanga na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/2a6e5f79-6f29-4d68-b850-379510805656/PLC-Document_English.pdf

Rialtas na hÉireann (2021). *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/5016/preparation-for-teaching-and-learning.pdf

Hargreaves A, agus Fink D, (2006). *Sustainable leadership*. CA: Jossey-Bass/Wiley.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/Early-Childhood/

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2020). Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4456/ncca-primary-curriculum-framework-2020.pdf

Nieveen N, Sluijsmans L, agus Van den Akker J, (2014). *Encouraging curriculum change in the Netherlands: The next episode*. in Nyhamn F, agus Hopfenbeck TN, (eag.) *From Political Decisions to Change in the Classroom*, lch. 162–183. Osló, An Iorua: An Stiúrthóireacht um Oideachas agus Scileanna de chuid na hIorua Ar fáil ag: http://www.cidree.org/fileadmin/files/pdf/publications/YB_14_From_Political_Decisions_to_Change_in_the_Classroom1.pdf

An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (2022). *Education at a Glance: OECD Indicators*. Páras: Foilsitheoireacht ECFE. Ar fáil ag: https://www.oecd-ilibrary.org/sites/b35a14e5-en/index.html?itemId=/content/publication/b35a14e5-en

Sinnema C, Nieveen N, agus Priestley M, (2020). *Successful futures, successful curriculum: What can Wales learn from international curriculum reforms?* The Curriculum Journal (2020).

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2016). *Cosán: Creatlach um Fhoghlaim Múinteoirí*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Mhúinteoireachta Ar fáil ag: https://www.teachingcouncil.ie/en/teacher-education/teachers-learning-cpd-/cosan-the-national-framework-for-teachers-learning.pdf

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2017). *Droichead: The Integrated Professional Induction Framework*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Mhúinteoireachta Ar fáil ag: https://www.teachingcouncil.ie/en/teacher-education/droichead/

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2020). *Céim: Standards for Initial Teacher Education – In accordance with Section 38 of the Teaching Council Acts, 2001-2015*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Mhúinteoireachta  Ar fáil ag: https://www.teachingcouncil.ie/en/news-events/latest-news/ceim-standards-for-initial-teacher-education.pdf

Van den Akker J, (2018). Cur i Láthair don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, *Public Involvement in Curriculum Reform in Upper Secondary Education*. Feabhra 2018. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/3362/dublin_jvda_200218.pdf



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment